AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.10.2026
COM(2026) 542 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE


Tuarascáil leathbhliantúil maidir le cur chun feidhme oibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais agus oibríochtaí iasachtaithe gaolmhara de bhun Airteagal 13 de Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2023)8010 ón gCoimisiún

An 1 Eanáir 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2026


Clár

1. Achoimre 3
2. Réamhrá 4
3. Cur chun feidhme oibríochtaí iasachtaíochta sa chéad leath de 2026 5
4. Costas an chistithe agus costais bainistithe leachtachta 10
5. Ionchas eisiúna don dara leath de 2026 12

CISTIÚ A CRUINNÍODH SA CHÉAD LEATH DE 2026




ÚSÁID FÁLTAIS IASACHTAÍOCHTA SA CHEAD LEATH DE 2026



Tá na méideanna uile i mbilliún EUR

BANNAÍ AN AONTAIS GAN ÍOC


an 30.6.2026



* Áirítear leis sin bannaí arna n-aistriú chuig an gcur chuige cistiúcháin aontaithe ar luach an mhargaidh tar éis na haisíocaíochta luaithe le haghaidh an tSásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpaigh.

DEONTAIS AGUS IASACHTAÍ GAN ÍOC A MHAOINÍTEAR TRÍ IASACHTAÍOCHT

an 30.6.2026



Tá na méideanna uile i mbilliún EUR

PRÍOMHFHÍORAIS faoin gcéad leath de 2026

- Le sé shindeacáitiú agus sé cheant rinneadh EUR 99,5 billiún a chruinniú, agus meánaibíocht thart ar 11,5 bhliain i gceist.
- Úsáideadh na cistí a cruinníodh chun na heisíocaíochtaí seo a leanas a dhéanamh:
  - Next Generation EU (NGEU): EUR 33,4 billiún
  - Tacaíocht don Úcráin: EUR 2,4 billiún faoin tSaoráid don Úcráin agus EUR 7,1 billiún faoin Iasacht Tacaíochta nua don Úcráin
  - Gníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE): EUR 7,7 billiún
  - Cúnamh macrairgeadais don Éigipt: EUR 1 bhilliún
  - An tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh Phoblacht na Moldóive: EUR 173,2 milliún
  - An tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar: EUR 128,9 milliún
- D'fhan meánchostas cisithe an Aontais[1] cobhsaí, agus is é seo a leanas costas an chistithe seo le haghaidh na gclár éagsúil:
  - Next Generation EU: 3,32 % sa chéad leath de 2026 i gcomparáid le 3,34 % sa dara leath de 2025.
  - SAFE: 3,40 % sa chéad leath de 2026.

[1] Bunaithe ar an modheolaíocht leithdháilte costas mar a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1974 ón gCoimisiún.

- An tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar: 2,72 % i gcomparáid le 2,83 % sa dara leath de 2025.
- I gcás na gclár eile (gan urranna ama):
  - 2,79 % le haghaidh Shaoráid na hÚcráine
  - 3,39 % le haghaidh na hIasachta Tacaíochta don Úcráin
  - 2,84 % le haghaidh na Saoráide Athchóirithe agus Fáis le haghaidh Phoblacht na Moldóive
  - 3,12 % le haghaidh thráthchuid 2026 den iasacht cúnaimh macrairgeadais don Éigipt

1. Achoimre

Mar a tharla i mblianta roimhe seo, chuir an Coimisiún a phlean cistiúcháin don chéad leath de 2026 (L1 2026) i láthair i mí na Nollag 2025. Bunaithe ar na heisíocaíochtaí a bhfuil coinne leo faoi na cláir (NGEU, SAFE agus cláir eile) a comhaontaíodh nuair a foilsíodh an plean cistiúcháin, d'fhógair an Coimisiún sprioc cistiúcháin suas le EUR 90 billiún in eisiúintí bannaí sa chéad leath de 2026. An 29 Aibreán 2026, tar éis ghlacadh na reachtaíochta ábhartha don Iasacht Tacaíochta nua don Úcráin don tréimhse 2026-2027, mhéadaigh an Coimisiún a sprioc chistiúcháin le haghaidh Bhannaí an Aontais don chéad leath de 2026 faoi EUR 10 mbilliún, go EUR 100 billiún san iomlán.

I gcomhréir leis an sprioc chistiúcháin sin, chruinnigh an tAontas EUR 99,5 billiún i gcistiú fadtéarmach sa chéad leath de 2026 trí shé shindeacáitiú agus sé cheant. Cruinníodh EUR 5,8 billiún den mhéid sin trí Bhannaí Glasa Next Generation EU. Ag deireadh mhí an Mheithimh 2026, bhí EUR 793,6 billiún gan íoc ag an Aontas i mBannaí an Aontais, ar Bannaí Glasa NextGenerationEU EUR 84,3 billiún díobh.

Lean bannaí arna n-eisiúint ag an Aontas sa chéad leath de 2026 de thairbhe a bhaint as éileamh láidir infheisteoirí d'ainneoin luaineacht leanúnach sa mhargadh. Agus neart chuar toraidh an Aontais á ghiaráil aige, thosaigh an Coimisiún ar chuid dá eisiúintí sindeacáite a phraghsáil in aghaidh Bhanna an Aontais atá ann cheana, seachas an cuar babhtála. Leis an gcur chuige sin – nach bhfuil ar fáil ach d'eisitheoirí a bhfuil margadh tánaisteach domhain agus leachtach acu agus a bhfuil cuar toraidh acu dá bhrí sin – cuidíodh le rioscaí praghsála a mhaolú ar infheisteoirí rannpháirteacha i measc na margaí thar a bheith luaineach agus áirithíodh glacadh láidir ar fud na gcatagóirí éagsúla infheisteoirí. An tráth céanna, níor tháinig aon athrú den chuid is mó ar thorthaí Bhannaí an Aontais i gcomparáid le formhór na mbannaí rialtais Eorpacha. D'fhan meánchostas cistiúcháin an Aontais cobhsaí ag 3,32 %, i gcomparáid le 3,34 % sa dara leath de 2025 (L2 2025).

Ina theannta sin, i bhfianaise na riachtanas ard eisíocaíochta a bhfuiltear ag súil leo ag deireadh 2026 faoin gclár NextGenerationEU — de réir mar a thiocfaidh an spriocdháta deiridh do Bhallstáit an Aontais chun iarratais ar íocaíocht a chur isteach i bhfeidhm — mhéadaigh an Coimisiún méid Bhillí an Aontais gan íoc ag deireadh mhí an Mheithimh 2026 go EUR 43,2 billiún (ó EUR 36,8 billiún an 31 Nollaig 2025). Leis an gcistiú gearrthéarmach breise sin, tugtar níos mó solúbthachta don Choimisiún chun eisíocaíochtaí a chomhlíonadh faoi raon méadaitheach na gclár beartais arna gcistiú ag oibríochtaí an mhargaidh caipitil, agus tacaíocht á tabhairt ag an am céanna do phatrún cobhsaí eisiúintí Bhannaí an Aontais.

Eisíocadh EUR 33,4 billiún de na fáltais iasachtaíochta chun infheistíochtaí agus athchóirithe NextGenerationEU a chur chun feidhme. Fuair an Úcráin EUR 9,5 billiún san iomlán faoi Shaoráid na hÚcráine agus faoin Iasacht Tacaíochta nua don Úcráin. Rinneadh na chéad eisíocaíochtaí faoi chlár SAFE, ós rud é go bhfuair an Pholainn, an Chipir agus an Liotuáin EUR 7,7 billiún san iomlán i réamh-mhaoiniú. Úsáideadh fáltais iasachtaíochta chun na nithe seo a leanas a mhaoiniú: iasacht EUR 1 bhilliún faoin gclár cúnaimh macrairgeadais don Éigipt, iasacht EUR 173,2 milliún faoin tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh Phoblacht na Moldóive agus iasachtaí EUR 128,9

milliún don Albáin, don Chosaiv, don Mhontainéagró agus don Mhacadóin Thuaidh faoin tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar.

Sa chéad leath de 2026, d'aisíoc sé Bhallstát EUR 8 mbilliún san iomlán d'iasachtaí SURE (an Ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála). As an EUR 98,4 billiún a eisíocadh faoin gclár sin, tá EUR 82,4 billiún fós le híoc. I gcás na hiasachta cúnaimh macrairgeadais a chuir an tAontas ar fáil don Úcráin faoi thionscnamh mear-iasachtaí G7, rinneadh aisíocaíocht pháirteach EUR 168,7 milliún trí úsáid a bhaint as fáltais ó shócmhainní ceannasacha blocáilte na Rúise. Tá EUR 17,9 billiún fós le híoc.

Tháinig deireadh leis an gcéad leath de 2026 le méadú ar shealúchais leachtachta go EUR 121,8 billiún (i gcomparáid le EUR 65,2 billiún i mí na Nollag 2025). Is é is cúis leis an gcarnadh sealadach iarmhéideanna airgid thirim sin an méid ard eisíocaíochtaí a bhfuil coinne leo sa dara leath de 2026 ar fud na gclár éagsúil (go háirithe faoi chlár NGEU) agus an gá atá ann don Choimisiún na modhanna a shlógadh trí fhéilire idirbheart cothrom intuartha i gcaitheamh na bliana. Le féilire idirbheart atá cothrom intuartha, cuirtear ar a chumas don Choimisiún riachtanais eisíocaíochta a chomhlíonadh go tráthúil agus na coinníollacha cistiúcháin is buntáistí á mbaint amach ag an am céanna. Chun costais na sealúchas sin a íoslaghdú, lean an Coimisiún de na hiarmhéideanna airgid a bhainistiú go gníomhach, rud a laghdaigh na costais bhliantúla faoi EUR 108 milliún, rud a d'fhág go raibh costais bainistithe leachtachta thart ar EUR 435 mhilliún ann don tréimhse ó mhí Eanáir go mí an Mheithimh 2026.

An 23 Meitheamh 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún a phlean cistiúcháin don dara leath de 2026. Chun na riachtanais arda eisíocaíochta agus tar-rollta a chumhdach (EUR 33 bhilliún i méideanna tar-rollta in 2026), tá sé beartaithe ag an gCoimisiún EUR 80 billiún a eisiúint i mBannaí an Aontais sa dara leath de 2026, arna gcomhlánú le cistiú gearrthéarmach méadaithe. Tá an méid sin ailínithe le sprioc thráscach an Choimisiúin EUR 180 billiún do 2026 ar fad, a fógraíodh cheana níos luaithe sa bhliain. Is é atá ann an spriocmhéid bliantúil is airde atá le forghníomhú ag an gCoimisiún go dtí seo (EUR 20 billiún níos airde ná mar a bhí in 2025).

2. Réamhrá

Déantar athbhreithniú sa tuarascáil leathbhliantúil seo[2] ar chur chun feidhme na n-oibríochtaí trína bhfaightear iasacht idir an 1 Eanáir agus an 30 Meitheamh 2026. Soláthraítear sa tuarascáil ionchas freisin le haghaidh eisiúint bhannaí an Aontais sa dara leath de 2026. Ní dhéantar meastóireacht inti ar conas a úsáidtear na fáltais ó eisiúintí bhannaí an Aontais, lena n-áirítear úsáid le haghaidh caiteachas glas, ós rud é go gcumhdaítear an méid sin i dtuarascálacha ar leithligh faoi na rialacháin a rialaíonn gach ionstraim aonair[3].

I gcomhréir leis an moladh ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa i mí an Mheithimh 2023[4], leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo cuirtear táscairí i láthair chun faireachán a

[2] Arna dtarraingt suas faoi Airteagal 13 de Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2023)8010 ón gCoimisiún maidir leis na socruithe maidir le cur chun feidhme an chur chuige aontaithe cistiúcháin le haghaidh oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais.

[3] Féach, mar shampla, na tuarascálacha bliantúla le haghaidh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus Cúnamh Macrairgeadais agus an Tuarascáil maidir le Leithdháileadh agus Tionchar Bhannaí Glasa Next Generation EU.

[4] Tuarascáil speisialta 16/2023:Bainistiú fiachais NGEU ag an gCoimisiún agus Freagraí an Choimisiúin.

dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise uileghabhálaí um bainistiú fiach lena dtreoraítear[5] cur chuige cistithe aontaithe an Choimisiúin[6].

3. Cur chun feidhme oibríochtaí iasachtaíochta sa chéad leath de 2026

Cuirtear i láthair sna ranna seo a leanas na príomh-chomhpháirteanna d'oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe an Choimisiúin sa chéad leath de 2026.

FORGHNÍOMHÚ OIBRÍOCHTAÍ CISTITHE SA CHÉAD LEATH DE 2026

Chruinnigh an Coimisiún EUR 99,5 billiún san iomlán i mBannaí an Aontais[7], lena n-áirítear EUR 5,8 billiún i mBannaí Glasa Next Generation EU, sa chéad leath de 2026. Bhí an mheánaibíocht thart ar 11,5 bliain, rud atá cosúil le meánaibíocht an chistithe a cruinníodh sa dara leath de 2025.

D'úsáid an Coimisiún sé shindeacáitiú (58 % den mhéid a cruinníodh) agus sé cheant (42 % den mhéid a cruinníodh). Eisíodh Bannaí an Aontais trí chleachtas seanbhunaithe sindeacáitithe mhíosúil agus ceantanna míosúla. Mar gheall ar na tairiscintí ceant neamhiomaíocha lena ngabhann, tháinig méadú ar mhéideanna ceantála, agus mar sin d'fhan an sciar ceantála cobhsaí i gcomparáid le blianta roimhe sin, agus tháinig méadú ar an méid eisiúna foriomlán. Le rogha na n-aibíochtaí, cuireadh dálaí leachtachta an mhargaidh san áireamh agus láithreacht thráthrialta sa mhargadh a thacaíonn le leachtacht chuar an Aontais á háirithiú an tráth céanna.


Lean an Coimisiún de na línte atá ann cheana a thapáil agus de línte nua a chruthú go tráthrialta, rud a neartaigh a thuilleadh leachtacht chuar bhannaí an Aontais. Seoladh línte nua 3, 7, 10 agus 20 bliain sa chéad leath de 2026, agus ba é thart ar EUR 17 mbilliún an meánmhéid gan íoc in aghaidh Bhanna an Aontais ag deireadh an chéad leath de 2026.

Cairt 1: Méideanna Bhannaí an Aontais arna n-eisiúint faoin gcur chuige cistiúcháin aontaithe (i mbilliún EUR)

[5] Tugtar tuairisc ar an straitéis uileghabhálach um bainistiú fiachais sa tuarascáil leathbhliantúil maidir le forghníomhú oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe an Aontais ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh 2023.

[6] I gcás na gclár uile a bhí ann roimh Next Generation EU, d'úsáid an Coimisiún cur chuige cistiúcháin droim-le-droim, ag eisiúint bannaí agus ag aistriú na bhfáltas go díreach chuig tíortha tairbhíocha ar na téarmaí céanna (an ráta úis agus an aibíocht chéanna) a fuair sé. Nuair a bhunaigh an Coimisiún NGEU in 2021, ghlac sé straitéis cistiúcháin éagsúlaithe den chineál a d'úsáid na heisitheoirí ceannasacha is mó sa limistéar euro, agus úsáid á baint as ionstraimí cistiúcháin éagsúla (Bannaí an Aontais agus Billí an Aontais) agus teicnící cistiúcháin éagsúla (sindeacáitiú agus ceantanna) le haghaidh riachtanais chistiúcháin fhadtéarmacha agus ghearrthéarmacha. I mí na Nollag 2022, leasaigh an Pharlaimint agus an Chomhairle Airteagal 220a den Rialachán Airgeadais chun go mbeidh an Coimisiún in ann an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a leathnú chuig cláir iasachtaíochta eile de chuid an Aontais, rud a chruthaigh cur chuige cistiúcháin aontaithe le haghaidh chláir iasachtaíochta agus iasachtaithe uile an Aontais faoina n-eisíonn an tAontas 'Bannaí an Aontais' aonbhranda, seachas bannaí arna n-ainmniú ar leithligh le haghaidh cláir aonair amhail Next Generation EU, SURE, agus cúnamh macrairgeadais.

[7] I gcomhréir leis na seimeastair roimhe seo, is mar gheall thearc-leithdháileadh an Choimisiúin sna méideanna deiridh, a cruinníodh trí cheantanna bannaí chun na coinníollacha maoiniúcháin is tarraingtí a áirithiú sna hidirbhearta sin i bhfianaise na tairisceana atá i réim, an difríocht i gcomparáid le sprioc an phlean cistiúcháin (EUR 100 billiún in L1 2026).



* Rinneadh an chéad dá idirbheart Next Generation EU i mí an Mheithimh 2021, ach áiríodh iad sin san fhigiúir le haghaidh L2 2021 ós rud é go raibh siad mar chuid den phlean cistiúcháin céanna leis na hidirbhearta a tharla in L2 2021.

Tá na méideanna uile i mbilliún EUR

Sa chéad leath de 2026, thosaigh an Coimisiún ar thráinsí roghnaithe dá idirbhearta sindeacáite a phraghsáil in aghaidh a chuair toraidh féin seachas in aghaidh babhtálacha, agus lean ceithre cinn as na sé thráinse sindeacáite an mhodha praghsála sin. Glacadh go dearfach leis an gcur chuige sin cheana féin, lena laghdaítear luaineacht praghsanna le linn an fhorghníomhaithe, tráth a úsáide tionscnaimh i mí an Mhárta 2026. Déanann an cur chuige sin giaráil ar leachtacht ard chuar bhannaí an Aontais agus déanann sé cleachtais phraghsála an Choimisiúin a ailíniú a thuilleadh le cleachtais phraghsála eisitheoirí ceannasacha.

An 30 Meitheamh 2026, ba é EUR 836,8 billiún fiachas iomlán an Aontais gan íoc. EUR 793,6 billiún san iomlán a bhí i mBannaí an Aontais gan íoc, agus eisíodh EUR 665,2 billiún de sin faoin gcur chuige cistiúcháin aontaithe. Ba é EUR 84,3 billiún luach iomlán Bhannaí Glasa Next Generation EU gan íoc.

Ina theannta sin, leanadh de chistiú fadtéarmach a fhorlíonadh le cistiú gearrthéarmach méadaithe trí Bhillí an Aontais, ós rud é gur lean an Coimisiún den leachtacht is gá a thógáil chun freastal ar na riachtanais arda eisíocaíochta don dara leath de 2026 faoi chlár NextGenerationEU (nuair a thiocfaidh an sprioc-am deiridh do Bhallstáit an Aontais chun iarratais ar íocaíocht a chur isteach i bhfeidhm), chomh maith le cláir eile amhail SAFE agus an Iasacht Tacaíochta don Úcráin. Mar thoradh air sin, ag deireadh mhí an Mheithimh 2026, bhí creidmheas EUR 43,2 billiún gan íoc ag an Aontas trí Bhillí an Aontais.

EISÍOCAÍOCHTAÍ

Ar an iomlán , sa chéad leath de 2026, d'eisíoc an Coimisiún EUR 51,9 billiún san iomlán le haghaidh na mbeartas uile le chéile. Leithdháileadh EUR 33,4 billiún ar Next Generation EU agus as an méid sin, úsáideadh EUR 30,9 billiún chun pleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát a mhaoiniú faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA). As sin, eisíocadh EUR 20,7 billiún i bhfoirm deontas le 19 mBallstát, agus eisíocadh EUR 10,2 billiún i bhfoirm iasachtaí le 6 Bhallstát. Íocadh amach na cistí do STA laistigh de 7 lá oibre ar an meán. Úsáideadh

an EUR 2,5 billiún a bhí fágtha chun cláir arna mbainistiú ag an Aontas agus a fhaigheann tacaíocht ó Next Generation EU a mhaoiniú[89].

Sa chéad leath de 2026, rinneadh na chéad eisíocaíochtaí faoi chlár nua SAFE. Fuair an Pholainn, an Chipir agus an Liotuáin réamh-mhaoiniú EUR 7,7 billiún san iomlán.

D'eisíoc an Coimisiún EUR 9,5 billiún in iasachtaí leis an Úcráin freisin, a raibh EUR 2,4 billiún de faoin tSaoráid don Úcráin agus a raibh EUR 7,1 billiún de faoin an Iasacht Tacaíochta nua don Úcráin.

Le linn an chéad leath de 2026, mhaoinigh eisiúint Bhannaí an Aontais iasacht cúnaimh macrairgeadais EUR 1 bhilliún don Éigipt, iasacht EUR 173,2 milliún faoin tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh Phoblacht na Moldóive agus iasachtaí EUR 128,9 milliún don Albáin, don Chosaiv, do Mhontainéagró, don Mhacadóin Thuaidh agus don tSeirbia faoin tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar.

AISÍOCAÍOCHTAÍ

Sa chéad leath de 2026, d'aisíoc sé Bhallstát EUR 8 mbilliún san iomlán faoin gclár SURE. Tá EUR 82,4 billiún fós gan íoc, agus tá na haisíocaíochtaí deireanacha beartaithe do 2050.

Den chéad uair riamh, úsáideadh fáltais ó shócmhainní reoite ceannasacha blocáilte na Rúise chun cuid den iasacht cúnaimh macrairgeadais a chuir an tAontas ar fáil don Úcráin faoin tionscnamh mear-iasachtaí G7 a aisíoc. Úsáideadh EUR 168,7 milliún le haghaidh aisíocaíocht luath, agus baineadh úsáid as an gcuid eile de na fáltais a bhaineann le sciar an Aontais den tionscnamh mear-Iasachtaí chun seirbhísiú bliantúil ar chostais fiachais a chumhdach agus chun maolán leachtachta sealadach a sholáthar.


ÉILEAMH INFHEISTEOIRÍ AGUS LEACHTACHT MARGAIDH THÁNAISTIGH

Lean eisiúintí Bhannaí an Aontais de leas a bhaint as éileamh ó bhonn infheisteoirí domhanda atá cothrom agus éagsúlaithe.

[8] Áirítear orthu an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), Fís Eorpach, Ciste InvestEU, ReactEU, Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta (RescEU), an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), agus an Ciste um Aistriú Cóir.

[9] Ar an iomlán, ó bhí lár 2021 ann, tá EUR 486,3 billiún faighte ar iasacht ag an gCoimisiún chun Next Generation EU a mhaoiniú. Cuimsítear leis sin EUR 241,8 billiún i ndeontais agus EUR 166,1 billiún in iasachtaí do na Ballstáit faoi STA, agus EUR 78,4 billiún do chláir Next Generation EU atá á mbainistiú ag an Aontas. Maoiníodh EUR 20,6 billiún breise i gcaiteachas NGEU ó fhoinsí eile (i.e. an córas trádála astaíochtaí (CTA) agus Cúlchiste Coigeartaithe Brexit), rud a fhágann gurb é EUR 506,8 billiún iomlán na n-eisíocaíochtaí faoi NextGenerationEU.


Cairt 2: Infheisteoirí in idirbhearta sindeacáite a forghníomhaíodh in L1 2026 de réir cineál infheisteora



Sa chéad leath de 2026, bhain an sciar is mó (31 %) d'éileamh infheisteoirí le státchistí bainc. Cheannaigh infheisteoirí a raibh tréimhsí infheistíochta níos faide acu de ghnáth (i.e. bainisteoirí cistí, cuideachtaí árachais agus cistí pinsin) os cionn 35 % de Bhannaí an Aontais a eisíodh trí shindeacáitiú. Bainc cheannais agus institiúidí oifigiúla ar fearr leo infheistíocht a dhéanamh i mbannaí le haibíochtaí suas le 10 mbliana a bhí i gceist le thart ar 23 % d'eisiúintí sindeacáite Bhannaí an Aontais.

I gcomparáid leis an dara leath de 2025, tháinig laghdú níos mó ná trí phointe céatadáin ar sciar na mbanc ceannais/na n-institiúidí oifigiúla agus na gcistí árachais agus pinsin i gcomparáid leis an dara leath de 2025, nuair a bhí a rannpháirtíocht réasúnta ard. Mhéadaigh státchistí bainc a rannpháirtíocht ó 26 % go 31 % agus mhéadaigh cistí fálaithe a sciar faoi dhó ó 2,4 % go 4,9 %.

Cairt 3: Infheisteoirí in idirbhearta sindeacáite a forghníomhaíodh in L1 2026 de réir tíre / réigiúin




Ó thaobh dáileadh geografach de, sa chéad leath de 2026, bhain 56 % d'infheistíochtaí i sindeacáitiú bhannaí an Aontais le hinfheisteoirí atá lonnaithe san Aontas, rud atá cosúil leis an ráta 55 % sa dara leath de 2025 agus atá ina laghdú i gcomparáid leis an ráta 66 % sa chéad leath de 2025. Is féidir sciar ard leanúnach na n-infheisteoirí ó lasmuigh den Aontas a chur i leith infheisteoirí idirnáisiúnta a oibríonn ón Ríocht Aontaithe den chuid is mó, ar mhéadaigh a sciar go 27 % (i gcomparáid le 20 % in L2 2025) agus infheisteoirí ón Áise a choinnigh sciar 9 % mar a bhí in L2 2025, i gcomparáid le 5 % in L1 2025.

Le tacaíocht ó éileamh láidir ó infheisteoirí, bhí an phréimh eisiúna nua[10], a lorgaíonn infheisteoirí mar lamháltas nuair a eisíonn an tAontas bannaí trí shindeacáitiú fós maolaithe sa chéad leath de 2026 agus thart ar 1,45 bonnphointe ar an meán ann. Bhí sé sin beagán níos ísle ná an meánphréimh eisiúna 1,6 bonnphointe in 2025 agus i gcomhréir ar an iomlán le meánphréimh eisiúna eile maidir le hidirbhearta inchomparáide (arna tomhas de réir méide agus aibíochta). Chuir an Coimisiún borradh faoi shindeacáitiú an Aontais freisin agus thosaigh sé ag praghsáil tráinsí sindeacáite áirithe i gcomparáid le cuar an Aontais féin seachas leis an gcuar babhtála, mar a luaitear thuas.

Tháinig feabhas breise ar leachtacht margaidh thánaistigh Bhannaí an Aontais. Sa chéad leath de 2026, ba é EUR 2 216 bhilliún láimhdeachas iomlán Bhannaí an Aontais, i gcomparáid le EUR 1 154 bhilliún sa chéad leath de 2025. Cuireadh an fás ar ghníomhaíocht an mhargaidh thánaistigh le haghaidh Bhannaí an Aontais i dtábhacht freisin i dtuarascáil Chomhlachas Idirnáisiúnta na Margaí Caipitil (ICMA) maidir le gníomhaíocht trádála an mhargaidh thánaistigh Eorpaigh i mbannaí ceannasacha[11] a foilsíodh sa chéad leath de 2026. Rangaíodh fiachas an Aontais sa tuarascáil sin mar an séú fiachas ceannasach is gníomhaí a thrádáiltear ar fud an domhain agus an ceathrú fiachas ceannasach is gníomhaí a thrádáiltear sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (i ndiaidh na hIodáile, na Gearmáine agus na Fraince).

Cairt 4: Láimhdeachas ráithiúil margaidh thánaistigh bhannaí an Aontais agus na mbannaí rialtais Eorpacha (% den mhéid gan íoc)



Foinse: An Coimisiún Eorpach bunaithe ar shonraí ón bhFochoiste um Margaí Fiachais Cheannasaigh an Aontais Eorpaigh (ESDM) den Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais.
Tabhair faoi deara: Sa chairt sin, cuimsítear le margadh na mbannaí rialtais Eorpacha bannaí arna n-eisiúint ag eisitheoirí ceannasacha sa limistéir euro, an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais agus an Sásra Cobhsaíochta Eorpach. Níl sonraí ar fáil fós le haghaidh R2 2026.

[10] Is é atá sa phréimh eisiúna nua sin préimh a íocann an t-eisitheoir chun a chur ina luí ar infheisteoirí a bhannaí a cheannach sa bhunmhargadh seachas sa mhargadh tánaisteach.
[11] Comhlachas Idirnáisiúnta Margaí Caipitil, an Coiste um Chleachtais Mhargaidh Thánaisteacha: Tuarascáil Eorpach maidir le Sonraí Margaidh Thánaistigh. L2 2025 – Eagrán Ceannasach. Tuarascáil le fáil *anseo*.

4. Costas an chistithe agus costais bainistithe leachtachta

COSTAS AN CHISTITHE

Leis an modheolaíocht maidir le leithdháileadh costas faoin straitéis chistiúcháin éagsúlaithe, déantar costais an chistithe a ghearrtar ar thairbhithe (buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh nó tairbhithe iasachta) a nascadh leis na coinníollacha a fuarthas sa mhargadh nuair a maoiníodh na heisíocaíochtaí[12]. Ina theannta sin, leithdháiltear costais iasachtaíochta ar bhonn clárbhunaithe faoin modheolaíocht sin.

Is é 3,32 % costas maoinithe íocaíochtaí Next Generation EU don urrann ama ó mhí Eanáir go mí an Mheithimh 2026 ('UA10' sa tábla thíos), figiúr atá cobhsaí i gcomparáid leis an ráta 3,34 % don urrann ama 6 mhí roimhe sin. Ag deireadh mhí an Mheithimh 2026, bhí costas an chistithe le haghaidh eisíocaíochtaí faoi chláir eile idir 2,54 % agus 3,40 %. Léirítear leis na difríochtaí sna costais chistiúcháin idir urranna cláir saintréithe an chláir, amhail tráth an mhaoinithe agus difríochtaí i meánaibíochtaí na n-ionstraimí iasachtaíochta[13].

Léirítear le hathruithe ar chostas an chistithe na dálaí margaidh atá i réim, a athraíonn le himeacht ama agus a mbíonn tionchar acu ar an gcostas iasachtaíochta le haghaidh eisiúintí an Aontais. Le linn an chéad leath de 2026, bhí rátaí úis luaineach, go príomha mar gheall ar an gcogadh idir na Stáit Aontaithe agus an Iaráin agus a thionchar ar bhoilsciú agus ar rátaí úis. Bhí an ráta úis ar Bhannaí 10 mbliana an Aontais idir 2,96 % agus 3,63 % le linn na tréimhse 6 mhí, agus ba é 3,30 % an ráta úis ag deireadh na tréimhse. D'fhan raonta difríochta toraidh idir an tAontas agus formhór eisitheoirí bannaí rialtais Eorpacha gan athrú a bheag nó a mhór cé go raibh roinnt luaineachta laistigh den seimeastar, agus tháinig méadú ar éigean ar an raon difríochta ráta úis 10 mbliana idir Bannaí an Aontais agus ciseán 50/50 de bhannaí ceannasacha na Gearmáine/na Fraince ó thart ar - 1 bhonnphointe i dtús na tréimhse 6 mhí go + 5 bhonnphointe i mí an Mheithimh 2026.

[12] Faoi Next Generation EU, leithdháiltear costais úis a tabhaíodh ar bhuiséad an Aontais agus na Ballstáit a fhaigheann iasachtaí i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1095 ón gCoimisiún agus sa dá chinneadh a tháinig ina diaidh sin; Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/9701 ón gCoimisiún agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1974 ón gCoimisiún. Leis an modheolaíocht sin, déantar idirdhealú idir trí chatagóir costais éagsúla: (i) costas an chistithe chun tacaíocht neamh-inaisíoctha agus eisíocaíochtaí iasachta a mhaoiniú arna ríomh d'urranna ama 6 mhí; (ii) an costas a bhaineann le leachtacht a choinneáil agus a bhainistiú; agus (iii) costais riaracháin. Bhíothas in ann an t-urrannú de réir an chláir a dhéanamh ó tháinig Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2024/1974 ón gCoimisiún i bhfeidhm sa dara leath de 2024. Chun aon éifeacht chúlghabhálach a sheachaint, tá cláir a cistíodh agus a eisíocadh sular cuireadh an mhodheolaíocht sin chun feidhme (amhail iasachtaí na hionstraime MFA+ don Úcráin agus maoiniú eisceachtúil idirlinne faoi Shaoráid na hÚcráine) fós comhthiomsaithe le hoibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe Next Generation EU faoin gcur chuige aontaithe cistiúcháin.

[13] Mar shampla, tá meánaibíocht chistiúcháin níos faide ag Next Generation EU faoi láthair ná mar atá i gcláir eile, mar gheall ar struchtúr na huasteorann 'acmhainní dílse' sealadacha sonracha lena gcumhdaítear próifíl aisíocaíochta Next Generation EU. Is iondúil go mbíonn aibíocht níos faide ag bannaí a eisítear chun deontais Next Generation EU a mhaoiniú ionas gur féidir na sócmhainní buiséadacha a úsáidfear chun deontais Next Generation EU a aisíoc a scaipeadh amach thar thréimhse ama.

Cairt 5: Costas an chistithe

Next Generation EU	UA1	UA2	UA3	UA4	UA5	UA6	UA7	UA8	UA9	UA10
	0,15 %	1,57 %	2,66 %	3,22 %	3,52 %	3,19 %	3,01 %	3,25 %	3,34 %	3,32 %


SAFE	UA1
	3,40 %

Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar	UA1	UA2
	2,83 %	2,72 %

an Úcráin	Saoráid na hÚcráine	An Ionstraim MFA+	Cúnamh macrairgeadais le haghaidh na hÚcráine (Mear-iasachtaí G7)	an Iasacht Tacaíochta don Úcráin
	2,79 %	3,15 %	2,54 %	3,39 %

Tíortha eile	Cúnamh macrairgeadais don Éigipt (12/2024)	Cúnamh macrairgeadais don Éigipt 1 (1/2026)	Cúnamh macrairgeadais don Iordáin	An tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh Phoblacht na Moldóive
	2,69 %	3,12 %	3,11 %	2,84 %

Cairt 6: Torthaí ar Bhannaí 10 mbliana an Aontais



COSTAIS BAINISTITHE LEACHTACHTA

EUR 121,8 billiún a bhí san iarmhéid airgid thirim an 30 Meitheamh 2026, agus ba é EUR 105,3 billiún a bhí sna meánsealúchais leachtachta sa chéad leath de 2026, méadú ó EUR 77,4 billiún sa dara leath de 2025.

Léirigh an méadú sin ar mheánsealúchais leachtachta na ceanglais chistiúcháin mhóra a bhfuiltear ag súil leo don seimeastar deiridh de Next Generation EU - agus tá próifíl níos siarchoinnithe ar na heisíocaíochtaí ná mar a tuaradh i dtús – chomh maith le heisíocaíochtaí a bhfuil coinne leo faoi SAFE agus faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin. Tá na méideanna is gá á slógadh trí fhéilire cothrom intuartha idirbheart. Cuireann sin ar a chumas don Choimisiún riachtanais eisíocaíochta a chomhlíonadh go tráthúil agus na coinníollacha cistiúcháin is buntáistí á mbaint amach ag an am céanna.

D'infheistigh an Coimisiún thart ar 75 % ar an meán dá sealúchais leachtachta i dtaiscí téarma agus in idirbhearta athcheannaigh droim ar ais chun an tseilbh dhiúltach a bhaineann leis an iarmhéid airgid a laghdú. Chruthaigh sé sin toradh breise 20-25 bhonnphointe, a chomhfhreagraíonn do EUR 108 milliún sa chéad leath de 2026. Ar an iomlán, thart ar EUR 435 mhilliún a bhí sa ghlanchostas bainistithe leachtachta sa chéad leath de 2026[14], i gcomparáid le glanchostas EUR 295 mhilliún ar shealúchais leachtachta sa dara leath de 2025.

5. Ionchas eisiúna don dara leath de 2026

An 23 Meitheamh 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún a phlean cistiúcháin don dara leath de 2026. Leagtar síos sa phlean cistiúcháin sprioc EUR 80 billiún d'eisiúint Bhannaí an Aontais idir mí Iúil agus deireadh mhí na Nollag 2026, rud a fhágann gurb é EUR 180 billiún eisiúint bhliantúil Bhannaí an Aontais atá beartaithe do 2026.

Is é an sprioc sin an méid bliantúil is airde atá le forghníomhú ag an gCoimisiún go dtí seo agus léiríonn sé na méideanna a mheastar a íocfar faoi na beartais éagsúla arna gcistiú ag clár eisiúna fiachais an Aontais.

Sa dara leath de 2026, déanfar na heisíocaíochtaí deiridh le Ballstáit an Aontais faoi NextGenerationEU. Eisíocadh EUR 506,8 billiún cheana féin faoin gclár (arna mhaoiniú trí iasachtaíocht den chuid is mó), agus beidh glacadh na gcistí atá fágtha ag brath ar chur chun feidhme tráthúil Phleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta na mBallstát, agus is é an 30 Meán Fómhair 2026 an sprioc-am chun na hiarrataí deiridh ar íocaíocht a chur isteach.

An tráth céanna, meastar go dtiocfaidh méadú ar eisíocaíochtaí faoin gclár nua SAFE, ar cuireadh tús leis i mí na Bealtaine 2026, mar gheall ar réamh-mhaoiniú suas le 15 % de phleananna cosanta náisiúnta na mBallstát. Ina theannta sin, gheobhaidh an Úcráin suas le EUR 45 bhilliún in 2026 faoin an Iasacht Tacaíochta don Úcráin, ar íocadh EUR 7,1 billiún de cheana féin sa chéad leath de 2026. Beidh gá le maoiniú ó oibríochtaí iasachtaíochta freisin chun tacú le comharsanacht an Aontais agus chun bannaí gan íoc atá ag teacht in aibíocht a athmhaoiniú chun bainistiú rianúil fiachais a áirithiú.

Agus na riachtanais chistiúcháin fhoriomlána le linn 2026 fós ard, leanfaidh an Coimisiún d'úsáid a bhaint as an tsolúbthacht a chuirtear ar fáil le cur chuige cistiúcháin aontaithe an Aontais chun an maoiniú sin a scaipeadh thar raon ionstraimí cistiúcháin agus le himeacht ama. Dá bhrí sin, leanfar

[14] Tiocfaidh roinnt infheistíochtaí gearrthéarmacha in aibíocht in L2 2026. I gcomhréir leis na caighdeáin ábhartha, ní chuirtear san áireamh leis an méid thart ar EUR 435 mhilliún aon fháltas ó na sealúchais sin ach áirítear leis tuilleamh a infheistíodh in L2 2025 a tháinig in aibíocht in L1 2026.

d’eisiúintí Bhannaí an Aontais a chomhlánú le huirlisí cistiúcháin gearrthéarmacha agus le bainistiú gníomhach ar shealúchais leachtachta.

Iarscríbhinn: Táscairí cur chun feidhme maidir le húsáid na modhanna chun cuspóirí éifeachtúlachta agus éifeachtachta uileghabhálacha na straitéise um bainistiú fiach an Choimisiúin a bhaint amach

Modh		Táscaire	Luach in L1 2026 (mura gcuirtear a mhalairt in iúl)	Barúlacha ar fhorghníomhú in L1 2026
Cur chun feidhme chlár bhannaí an Aontais	a) Eisiúintí tráthrialta ar fud an chuair Eisiúintí tráthrialta bhannaí an Aontais (agus Bannaí Glasa Next Generation EU) sna haibíochtaí uile ar fud an chuair (suas le 30 bliain) chun deiseanna infheistíochta a chur ar fáil do chineálacha éagsúla infheisteoirí mar bhealach chun éileamh láidir infheisteoirí a choinneáil ar bun agus leis sin an tsolúbthacht chun méideanna eisiúna agus aibíochtaí a chinneadh le haghaidh idirbhearta aonair bunaithe ar dhálaí an mhargaidh.	*i. Scoilt aibíochta an chláir eisiúna*	1-4 bliana: 17 % 4-8 mbliana: 27 % 8-12 bhliain: 23 % 12-17 mbliain: 11 % 17-23 bhliain: 12 % 23-31 bhliain: 10 %	In L1 2026, rinne an Coimisiún eisiúintí bannaí tráthrialta ar fud aibíochtaí éagsúla chun leachtacht a sholáthar do chuar an Aontais ar na deighleoga uile. Leathadh idirbhearta cistithe le linn na tréimhse 6 mhí chun láithreacht thráthrialta a áirithiú sa mhargadh. Bhí an oiread idirbheart ann agus a bhí in L1 2025, agus sprioc chistiúcháin mhéadaithe EUR 100 billiún ann (i gcomparáid le EUR 90 billiún in L1 2025). Ag deireadh mhí na Bealtaine, méadaíodh an sprioc ó EUR 90 billiún go EUR 100 billiún tar éis an chomhaontaithe maidir leis an Iasacht Tacaíochta don Úcráin. Bhí eisiúint bannaí glasa níos airde ná mar a bhí sa chéad leath de 2025, rud a léiríonn calabrú eisiúintí bannaí glasa chuig caiteachais ghlasa arna dtuairisciú ag na Ballstáit.
		ii. Dáileadh tráthúil eisiúintí	Sé shindeacáitiú agus sé cheant bannaí, rud a fhágann go ndearnadh dhá eisiúint in aghaidh na míosa.	
		iii. Eisiúintí Bannaí Glasa[15]	EUR 5,8 billiún trí bhannaí an Aontais 02/2033, 02/2037 agus 02/2048 a thapáil.	
	b) Cothromaíocht chuí de cheantanna agus sindeacáitiú a bhaint amach Teicnící cistithe éagsúla a úsáid agus cothromaíocht chuí ann, de réir na méideanna eisiúna iomlána agus dhálaí an mhargaidh, chun rioscaí forghníomhaithe a bhainistiú agus feabhas a chur ar leachtacht an mhargaidh thánaistigh agus ar chostais iasachtaíochta.	*i. Ceant / sindeacáitiú a scoitear mar %*	42 % d'eisiúintí bannaí trí cheant.	In L1 2026, d'eisigh an Coimisiún 42 % de Bhannaí an Aontais trí cheant, mar an gcéanna den chuid is mó le L1 2025 (41 %) ach níos ísle ná mar a bhí in L2 2025 (46 %) toisc nach raibh ach ceithre shindeacáitiú ann in L2 2025. Lean an Coimisiún de thrí aibíocht éagsúla a eisiúint i ngach ceant agus de leithdháiltí neamhiomaíocha a úsáid. Méadaíodh na spriocmhéideanna go EUR 7 mbilliún in aghaidh an cheant.
	c) Bannaí tagarmhairc móra agus leachtacha a bhunú	*i. Eisiúintí trí bhannaí nua i gcomparáid leis an méid a eisíodh trí*	• EUR 27 mbilliún trí bhannaí nua • EUR 73 bhilliún trí	D'úsáid an Coimisiún a idirbhearta chun na línte cistiúcháin atá ann cheana a thapáil, agus slógadh beagnach trí cheathrú (73 %) den mhéid cistiúcháin trí

[15]Faisnéis bhreise faoi Bhannaí Glasa Next Generation EU: Deais Bhannaí Glasa NGEU

	Bannaí an Aontais a thapáil chun an méid atá gan íoc de línte éagsúla a thabhairt chuig leibhéil atá i gcomhréir le línte tagarmhairc móra agus leachtacha.	*thapálacha*	thapálacha	thapálacha chun tacú le leachtacht urrúis an Aontais. Seoladh bannaí nua 3, 7, 10 agus 20 bliain sa chéad leath de 2026 chun línte tagarmhairc nua a sholáthar don mhargadh i gcás inar gá ar an gcuar bunaithe ar mholtaí phríomhdhéileálaithe an Aontais. Tháinig méadú ar an meánmhéid gan íoc in aghaidh an bhanna go dtí thart ar EUR 17 mbilliún faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2026 (ó EUR 16 bhilliún ag deireadh 2025), rud a d'áirithigh leachtacht chomhsheasmhach na mbannaí.
		ii. An luas a bhaineann le bannaí nua a thapáil[16]	Tuairim is 3 mhí	
		iii. Meánmhéid na mbannaí gan íoc[17]	Thart ar EUR 17 mbilliún	
		iv. Láimhdeachas i gcoibhneas le méid na heisiúna	Thart ar 279 % in L1 2026 i gcomparáid le 218 % in L2 2025 agus 162 % in L1 2025	
		v. Dearbh-láimhdeachas	Thart ar EUR 2 216 bhilliún in L1 2026 i gcomparáid le EUR 1 531 bhilliún in L2 2025 agus EUR 1 154 billiún in L1 2025	
	d) Próifíl aibíochta eisiúintí bhannaí an Aontais a bhainistiú agus aird chuí á tabhairt ar an méid seo a leanas: • an lamháil bhreise shealadach (le haghaidh iasachtaíocht a bhaineann le Next Generation EU) agus lamháil bhuan (le haghaidh na hionstraime MFA+) faoi bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh • eisíocaíochtaí a fhuascailt amach anseo in aon bhliain ar leith • riachtanais maidir le tar-rolladh a bheith cobhsaí amach anseo • an gá le rátáil an Aontais a chosaint chun costais iasachtaíochta ísle san fhadtéarma agus éileamh láidir óna bhonn príomhinfheisteoirí a áirithiú.	*i. Meánaibíocht na heisiúna*	Thart ar 11,5 bliain	In L1 2026, bhí meánaibíocht 11,5 bliain ag eisiúintí Bhannaí an Aontais. Leis sin léirítear an gá leis an bpróifíl fuascailtí a leathadh le himeacht ama agus, an tráth céanna, infheisteoirí a mhealladh chuig idirbhearta i mbunmhargadh an Aontais. Lean an mheánaibíocht de bheith faoin meánaibíocht uasta de 17 mbliana a leagtar amach sa Chinneadh Bliantúil Iasachtaíochta le haghaidh 2026. D'fhan an meán-am ualaithe go dtí aibíocht an fhiachais gan íoc cobhsaí. Laghdaigh an phróifíl athmhaoiniúcháin ghearrthéarmach ó níos lú ná 12 % go dtí thart ar 11 %, agus d'fhan an phróifíl athmhaoiniúcháin mheántéarmach cobhsaí ag thart ar 37 %, rud a léiríonn eisiúintí roimhe seo agus an phróifíl fuascailte.
		ii. Meánaibíocht an fhiachais gan íoc[18]	Thart ar 11 bhliain	
		iii. Athmhaoiniú sa ghearrthéarma, i.e. céatadán den stoc bannaí agus billí gan íoc a aibíonn sa chéad 12 mhí eile	Thart ar 11 %	
		iv. Athmhaoiniú sa mheántéarma, i.e. céatadán den stoc bannaí agus billí gan íoc a aibíonn sna chéad 5 bliana eile	Thart ar 37 %	
Cur chun feidhme	Billí an Aontais ag a bhfuil aibíochtaí suas le 1	*i. Méid gan íoc de Bhillí an*	Thart ar EUR 43 bhilliún	Tháinig méadú ar an bhfiachas gan íoc faoi chlár Bhillí

[16] Ar bhonn an mheánlíon míonna idir eisiúint nua agus an chéad tapáil agus na línte nua a tapáladh le linn L1 2026 á mbreithniú.

[17] Bannaí gan íoc thar an líon bannaí amhail i ndeireadh L1 2026, bunaithe ar bhannaí arna n-eisiúint faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe. Eisiatar uaidh sin fáltais ó aisíocaíocht luath le haghaidh an tSásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpaigh.

[18] Bannaí gan íoc a eisíodh faoin straitéis chistiúcháin éagsúlaithe.

Chlár Bhillí an Aontais	bhliain a eisiúint go tráthrialta trí cheant chun infheisteoirí breise a mhealladh (nó punanna breise de na hinfheisteoirí atá ann cheana) agus tacú le bainistiú leachtachta.	*Aontais*		an Aontais ó thart ar EUR 37 bhilliún go dtí thart ar EUR 43 bhilliún thar an tréimhse. Leis an méadú sin, forlíontar eisiúintí Bhannaí an Aontais maidir le solúbthacht bhreise a sholáthar le linn buaicthréimhsí eisíocaíochta.
		ii. Líon cheantanna Bhillí an Aontais	12	
Bainistiú leachtachta	Tiomsú leachtachta a bhainistiú bunaithe ar oibleagáidí íocaíochta, riachtanais eisíocaíochta agus na costais sealbhaíochta airgid, agus aird chuí á tabhairt ar dhálaí an mhargaidh atá i réim.	*i. An líon clistí íocaíochta de dheasca easpa leachtachta*	Dada	Chomhlíon an Coimisiún na riachtanais eisíocaíochta uile agus ní raibh aon chliseadh socraíochta ann le linn an chéad leath de 2026.
Líonra na bpríomhdhéileálaithe	Raon leathan institiúidí airgeadais a mhealladh le tiomantas láidir chun tacú le heisiúintí an Aontais.	*i. An líon institiúidí a shínigh gealltanais frithgheallta le haghaidh idirbhearta le 6 mhí anuas*	18 (i gcomparáid le 16 in L2 2025)	Lean príomhdhéileálaithe an Aontais de thacaíocht a thabhairt don Choimisiún agus bhí uainíocht sna sainorduithe ina cuidiú ag an gCoimisiún chun an úsáid is fearr a bhaint as na bainc uile atá incháilithe chun bheith ina gcuid de shindeacáitiú.
Cumarsáid le geallsealbhóirí agus piareisitheoirí éagsúla sa mhargadh	An t-iontaobhas a choinneáil ar bun agus a chothú leis an mbonn infheisteoirí, le rannpháirtithe sa mhargadh agus le piareisitheoirí chun tacú leis an éileamh ar fhiachas an Aontais agus feabhas a chur ar thuiscint an Aontais ar dhinimic an mhargaidh agus riachtanais infheisteoirí.	*i. Diallais ó na huainithe réamhfhógartha chun pleananna cistiúcháin a fhoilsiú*	Dada	Choinnigh an Coimisiún cumarsáid thráthrialta agus intuartha ar bun leis na margaí, i gcomhréir le fógraí roimhe sin. Le linn an chéad leath de 2026, laghdaíodh leithdháiltí faoi thart ar EUR 0,5 billiún, rud a léiríonn coinníollacha maoiniúcháin i gceantanna bannaí agus riachtanais mhaoiniúcháin deiridh. D'fhoilsigh an Coimisiún staidreamh infheisteoirí go tráthrialta, agus lean a bhonn infheisteoirí éagsúlaithe de bheith ag fás.
		ii. Diallas ó na méideanna a fógraíodh sa phlean cistiúcháin	Thart ar EUR 0,5 billiún nó níos lú ná 1 % (faoi bhun L2 2025).	
		iii. Staidreamh dáileacháin infheisteoirí	De réir cineáil: bainc cheannais / institiúidí oifigiúla 23 %, bainisteoirí cistí 24 %, státchistí bainc 31 %, cistí árachais agus pinsin 11 %, bainc 5 %, cistí fálaithe 5 % De réir na tíre/an réigiúin: An Ríocht Aontaithe 27 %, an Ibéir 12 %, an Iodáil 10 %, tíortha Nordacha 9 %, réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise 9 %, Benelux 8 %, tíortha eile san Aontas 6 %, an Fhrainc 6 %, an Ghearmáin 5 %, an Meánoirthear agus an Afraic	

		4 %, tíortha eile san Eoraip nach tíortha den Aontas iad 2 %, Críocha Mheiriceá 1 %